BILEOG FÍRICÍ NA CÁINAISNÉISE

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Buiséad 2016 – An Roinn Coimirce Sóisialaí

Méadú os cionn €250 milliún ar an bPacáiste Tacaíochta Leasa don bhliain 2016

Tiocfaidh méadú ar Bhónas na Nollag aníos go dtí 75% an Nollaig seo i measc faighteoirí fadtéarmacha íocaíochtaí leasa – aníos ó 25% in 2014

Méadófar an Pinsean seachtainiúil €3 i measc pinsinéirí agus Cúramóirí aois 66 bliain agus níos sine ó Eanáir 2016 ar aghaidh

Gheobhaidh 623,000 teaghlach €5 sa bhreis in aghaidh an linbh gach mí má tá Sochar Linbh á fháil acu

Seolfar Sochar Atharthachta nua in 2016

Deontas Tacaíochta Cúramóra €1,700 – a rachaidh chun sochair 86,000 cúramóir

Méadófar an Liúntas Breosla €2.50 aníos go dtí €22.50 sa tseachtain ó Eanáir 2016 ar aghaidh

Méadófar tairseach an Fhorlíonta Ioncam Teaghlaigh €5 sa tseachtain do gach duine den chéad bheirt leanaí

Pinsinéirí

- Méadú €3 sa tseachtain do Phinsinéirí agus Cúramóirí aois 66 bliain agus níos sine – rachaidh seo chun sochair 583,000 duine.

Bónas na Nollag

Íocfar €197 milliún le faighteoirí fadtéarmacha leasa i Nollaig

- Íocfar Bónas na Nollag 75% an Nollaig seo le faighteoirí íocaíochtaí fadtéarmacha Leasa Shóisialaigh (íocaíocht íosta €20) – rachaidh seo chun sochair 1.23 milliún duine.

Gheobhaidh na daoine a bhfuil na híocaíochtaí seo a leanas á bhfáil acu an Bónas:

- Pinsin Stáit agus Pinsin Bhaintrí/Bhaintreach Fir/Pháirtnéara Shibhialta Mharthanaigh
- Pinsean Easláine, Pinsean na nDall, Liúntas Míchumais, Liúntas Cúramóra, Liúntas Cúram Baile agus íocaíochtaí Caomhnóra.
- Liúntas Fadtéarmach Cuardaitheora Poist, Íocaíocht Cuardaitheora Poist (Aistriú), Liúntas Réamhscoir, Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora, Liúntas agus Sochar Banchéile Thréigthe agus Cúnamh Feirme ina measc
- Liúntas um Fhilleadh ar Obair, Fostaíocht Pobail, an Scéim Shóisialta Tuaithe, Tús, Gateway agus Tionscnamh Poist.

Teaghlaigh a bhfuil Leanaí acu

Beidh €98 milliún sa bhreis ar fáil chun tacú le Teaghlaigh a bhfuil Leanaí acu in 2016

- Seolfar Sochar Atharthachta nua 2 sheachtain maidir le breitheanna ó Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh.

- Tiocfaidh méadú €5 ar Shochar Linbh aníos go dtí €40 an leanbh gach mí ó Eanáir ar aghaidh.

Child Benefit

Family Size	2015 Monthly Rate	2016 Monthly Rate	2016 Annual Rate	Yearly Increase From 2016
	€	€	€	€
1 child	135	140	1,680	60
2 children	270	280	3,360	120
3 children	405	420	5,040	180
4 children	540	560	6,720	240
5 children	675	700	8,400	300
6 children	810	840	10,080	360

- Íocfar 1.5 uair an ghnáthráta mhíosúil do gach leanbh le teaghlaigh ina bhfuil cúplaí. Íocfar Sochar Linbh ar ráta dúbailte an ghnáthráta mhíosúil do gach leanbh le teaghlaigh ina bhfuil ilbhreitheanna.

- Tá €3 milliún sa bhreis á sholáthar i dtreo Chlár na mBéilí Scoile, agus méadóidh seo an cistiú aníos dtí €42 milliún in 2016.

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh

- Beidh €18 milliún sa bhreis á sholáthar chun tairseacha an Fhorlíonta Ioncam Teaghlaigh (FIT) a mhéadú €5 do gach duine den chéad bheirt leanaí ó Eanáir 2016.

Mhéid an Teaghlaigh	Teorainn reatha sheachtainiúil €	Teorainn Sheachtainiúil Eanáir 2016 €
1 leanbh	€506	€511
2 leanbh	€602	€612
3 leanbh	€703	€713
4 leanbh	€824	€834
5 leanbh	€950	€960
6 leanbh	€1,066	€1,076

Leanfar leis an leibhéal d'íocaíocht FIT a bhunú ar 60% den easnamh idir glanioncam an teaghlaigh agus tairseach infheidhme sheachtainiúil an teaghlaigh.

Méadú ar Liúntas Breosla i rith an tSéasúir Bhreosla reatha

Íocfar €2.50 sa bhreis sa tseachtain ar Liúntas Breosla i measc faighteoirí fadtéarmacha leasa, a mhéadóidh an íocaíocht aníos go dtí €22.50 sa tseachtain ó Eanáir 2016 ar aghaidh, agus rachaidh seo chun sochair 381,000 teaghlach, pinsinéirí, daoine atá faoi mhíchumas, tuismitheoirí aonair agus cuardaitheoirí poist ina measc.

Daoine Breacaosta agus Daoine atá faoi Mhíchumas

- Méadú €3 sa tseachtain do Phinsinéirí agus Cúramóirí aois 66 bliain agus níos sine.
- Méadú €2 do dhaoine fásta cáilithe faoi bhun 66 bliain d'aois agus méadú €2.70 do dhaoine fásta cáilithe aois 66 bliain nó níos sine – rachaidh seo chun sochair 93,500 duine.
- Íocfar €30 milliún chun an Deontas Tacaíochta Cúramóra (Deontas Cúram Faoisimh roimhe seo) a mhéadú €325 aníos go dtí €1,700 sa bhliain a íocfar le cúramóirí do gach duine a bhfuil cúram á thabhairt acu dóibh.
- Íocfar Liúntas Cúramóra ar feadh 12 sheachtain (íoctar ar feadh 6 seachtaine faoi láthair é) ó Eanáir ar aghaidh, i ndiaidh go bhfaigheann an duine ar tugadh cúram dóibh bás.
- Cuirfear cistiú breise €3 milliún ar fáil chun an scéim Saorthaistil a chistiú, a mhéadóidh an cistiú aníos go dtí €80 milliún in 2016.

ÁSPC – Eanáir 2016

- Tá Creidmheas nua barrchaolaithe ÁSPC á thabhairt isteach d'fhostaithe atá faoi árachas ag Aicme A a bhfuil a dtuillimh idir €352.01 agus €424 sa tseachtain. Laghdóidh an Creidmheas seo an bille seachtainiúil ÁSPC do bhreis agus 88,000 fostaí.
- Beidh an ráta níos ísle 8.5% de ÁSPC fostóra de chuid Aicme A i bhfeidhm anois ar thuillimh a mhéid le €376 (aníos ó €356) – rachaidh seo chun sochair 26,000 fostóir.

Tacaíochtaí Inoibre

- Méadófar an neamhaird a thabharfar ar thuillimh i dtaobh Íocaíocht Cuardaitheora Poist (Aistriú) aníos ó €60 go €90 sa tseachtain i measc faighteoirí reatha agus nua. Déanfar measúnú ar ráta 50% ar gach tuilleamh a sháraíonn €90 (déantar measúnú orthu ar ráta 60% faoi láthair).
- Tá tairseacha an Fhorlíonta Ioncam Teaghlaigh le méadú €5 sa tseachtain do gach duine den chéad bheirt leanaí ó Eanáir ar aghaidh. €10 a bheidh i gceist leis an tairseach don tríú leanbh agus gach leanbh eile.
- Méadófar na híocaíochtaí breisithe do rannpháirtithe i bhFostaíocht Pobail (FP), an Scéim Shóisialta Tuaithe (SST), Gateway, Tionscnamh Poist, Tús agus JobBridge €2.50 sa tseachtain ó Eanáir ar aghaidh.

Chun teacht ar bhreis faisnéise, seiceáil www.welfare.ie agus www.citizensinformation.ie. Is féidir glao gutháin a chur ar an Roinn Coimirce Sóisialaí ar 071-9193302 nó ar 1890 66 22 44 (Íosghlao) idir 9am agus 5pm ó Luan go hAoine.
Is féidir glao gutháin a chur ar an tSeirbhís Ghutháin um Fhaisnéis do Shaoránaigh ar 0761 07 4000, idir 9am agus 8pm ó Luan go hAoine.
Déan teagmháil le d'Ionad áitiúil Intreo, d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.
D'fhéadfadh na rátaí a ghearrtar ar ghlao ar uimhreacha 1890 (Íosghlao) a bheith éagsúil i measc soláthraithe éagsúla seirbhíse.

Tá an Bhileog Eolais seo in ainm is bheith mar threoir amháin agus ní airbheartaíonn sí bheith ina léirmhíniú dlíthiúil.

Rátaí Uasta Seachtainiúla	Ráta Pearsanta		Méadú do Dhuine Fásta Cáilithe		Méadú do Leanbh Cáilithe
Íocaíochtaí Árachais Shóisialaigh	**2015**	**2016**	**2015**	**2016**	**2015/2016**
Pinsean Stáit (Ranníocach)	**€**	**€**	**€**	**€**	**€**
- Faoi Aois 80 Bliain	230.30	233.30	153.50 *	155.50 *	29.80
- Aois 80 bliain agus níos sine	240.30	243.30	206.30**	209.00**	29.80
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Ranníocach)/Sochar Banchéile Thréigthe					
- Faoi Aois 66 bliain	193.50	193.50			29.80
- Os cionn Aois 66 bliain agus faoi bhun Aois 80 bliain	230.30	233.30			29.80
- Aois 80 bliain agus níos sine	240.30	243.30			29.80
Pinsean Easláine	193.50	193.50	138.10	138.10	29.80
Sochar Cúramóra/Liúntas Síorfhreastail	205.00	205.00			29.80
Sochar Míchumais	219.00	219.00			
Sochar Cuardaitheora Poist/Breoiteachta/Sláinte agus Sábháilteachta/Díobhála	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Sochar Máithreachais/Uchtála/Atharthachta	230.00	230.00			
Sochar Báis					
- Faoi Aois 66 bliain	218.50	218.50			29.80
- Os cionn Aois 66 bliain agus faoi bhun Aois 80 bliain	234.70	237.70			29.80
- Aois 80 bliain agus níos sine	244.70	247.70			29.80

Íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialta					
Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach)					
- Os cionn Aois 66 bliain agus faoi bhun Aois 80 bliain	219.00	222.00	144.70	146.70	29.80
- Aois 80 bliain agus níos sine	229.00	232.00			29.80
Liúntas Cúramóra					
- Faoi Aois 66 bliain	204.00	204.00			29.80
- Aois 66 bliain agus níos sine	239.00	242.00			29.80
Liúntas Míchumais/Pinsean na nDall	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)	188.00	188.00			
Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora	188.00	188.00			29.80
Liúntas Réamhscoir/Banchéile Thréigthe	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Liúntas Cuardaitheora Poist – Aois 26 bliain nó níos sine	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
- Aois 25 bliain	144.00	144.00	124.80	124.80	29.80
- Idir Aois 18 agus 24 bliain	100.00	100.00	100.00	100.00	29.80
Liúntas Leasa Fhorlíontaigh – Aois 26 bliain nó níos sine	186.00	186.00	124.80	124.80	29.80
- Aois 25 bliain	144.00	144.00	124.80	124.80	29.80
- Idir Aois 18 agus 24 bliain	100.00	100.00	100.00	100.00	29.80
Cúnamh Feirme	188.00	188.00	124.80	124.80	29.80
Liúntas Maireachtála Aonair	9.00	9.00			

**** dóibh siúd aois 66 bliain***

***** dóibh siúd aois 66 bliain nó níos sine***

Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh (FIT)		
Mhéid an Teaghlaigh	**Teorainn Ioncaim 2015**	**Teorainn Ioncaim 2016**
1 leanbh	€506	€511
2 leanbh	€602	€612
3 leanbh	€703	€713
4 leanbh	€824	€834
5 leanbh	€950	€960
6 leanbh	€1,066	€1,076
7 leanbh	€1,202	€1,212
8 leanbh nó níos mó	€1,298	€1,308

Leanfar leis an leibhéal d'íocaíocht FIT a bhunú ar 60% den easnamh idir glanioncam an teaghlaigh agus tairseach infheidhme sheachtainiúil an teaghlaigh..

Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Eile

	Gach Seachtain in 2015	**Gach Seachtain in 2016**
Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach))	€161.00	€161.00
Íocaíocht Chaomhnóra (Neamh-Ranníocach)	€161.00	€161.00

	Gach mí in 2015	**Gach mí in 2016**
Liúntas Cúram Baile	€309.50	€309.50

	Gach bliain in 2015	**Gach bliain in 2016**
Deontas Tacaíochta Cúramóra	€1,375	€1,700

	2015 – íocaíocht aonuaire	**2016 – íocaíocht aonuaire**
Deontas Baintrí, Baintreach Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh	€6,000	€6,000

	Gach Seachtain in 2015	**Gach Seachtain in 2016**
Liúntas Breosla	€20.00	€22.50